

Guth an Scoláire in OSPS/OCG

Samhlaigh gurb é an comhairliúchán leis na scoláirí do chéad chéim chun teagasc agus foghlaim in OSPS/OCG a phleanáil. Cén tairbhe a bhainfí as? Agus cén chuma a bheadh air sin?

Mar a chéile le gach ábhar eile, cuirtear feabhas ar an bhfoghlaim in OSPS le deiseanna rialta a thógáil chun éisteacht le guthanna daoine óga faoina n-eolas roimhe sin, faoina n-ábhair imní agus faoina leasanna; agus chun fiafraí díobh faoin rud is tábhachtaí dá bhfoghlaim. Mura ndéanaimid amhlaidh, bíonn an baol ann go bpleanáilfimis an fhoghlaim bunaithe ar ár mbarúlacha féin mar aosaigh faoin méid atá de dhíth ar dhaoine óga, seachas a n-éilimh dháiríre agus atá curtha in iúl acu.

Gheofar léargas luachmhara ó chomhairliúchán le scoláirí faoi inneachar na gceachtanna OSPS agus faoi na modheolaíochtaí teagaisc agus foghlama; tabharfar léargas fíor-reatha duit ar a gcuid éileamh le fáil amach faoi na hábhair is tábhachtaí do rang nó bliainghrúpa faoi leith dar leo féin; agus is le comhairliúchán iarbhír le do scoláirí a chuideofar chun caidreamh dearfach idir oide agus scoláire a chothú agus freagracht chomhroinnte don fhoghlaim. D'fhéadfaí tuismitheoirí a thabhairt isteach sa chomhrá ach éisteacht le tuairimí na scoláirí freisin.

Seo chugat roinnt smaointe chun tús a chur leis, smaointe ar féidir leas a bhaint astu mar ghníomhaíochtaí neamhspleácha nó mar mheascán.

- Tacair cártaí a ullmhú (cruachóip nó dhigiteacha) le hábhair éagsúla idir curaclam OSPS i scríbhinn nó léirithe ar gach cárta. Iarraidh ar na scoláirí na cártaí a chur in ord aicme leis an gcárta is tábhachtaí ag an mbarr. Scagtar an fáth gur tábhachtaí iad na cártaí ag an mbarr, agus an méid a theastaíonn uathu a fhoghlaim go díreach faoi na hábhair sin. Tar éis an ranga, déan machnamh ar an gcaoi a bhféadfadh tosaíochtaí na scoláirí dul i bhfeidhm ar do phleanáil.
- Iarr ar scoláirí machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim in OSPS/OCG go nuige seo. Céard a bhí go maith fúithi? An raibh aon cheo ar iarraidh? Cén ghné éagsúil ar mhaith leo a bheith ann? Bailigh na freagraí gan ainm a bheith leo trí mheán suirbhé ar líne le do rang nó le

bliainghrúpa iomlán. Caith súil ar na freagraí, déan plé orthu le do scoláirí agus déan cioradh ar na príomhsmointe lenar féidir do phleanáil a mhúnlú.

- Cuir do scoláirí ina meithleacha beaga. Mínigh an aidhm leis an OSPS. Fiafraigh díobh faoin méid a d'fhoghlaim siad go nuige seo agus faoin gcaoi ar chuidigh sé leo an aidhm sin a ghnóthú? Céard eile a d'fhéadfaidís a fhoghlaim sa rang chun cuidiú leo an aidhm a ghnóthú? An bhfuil aon scileanna faoi leith a dteastaíonn cúnamh uathu lena bhforbairt?
- Ag deireadh na gceachtanna, cuir ceisteanna oscailte a ligfidh do scoláirí aiseolas rialta a thabhairt duit, mar shampla, “an raibh rud ar bith ann a shíl tú a bheith cuibheasach spéisiúil/dúshlánach/cuiditheach?”, “cén chaoi a bhfeabhsófaí é?” “céard a chuideodh leat le níos mó ionchuimsitheachta a bhrath?” Agus i gcás na scoláirí a mbainfeadh dua leis na ceisteanna oscailte leo, d'fhéadfaí iarraidh orthu leas a bhaint as emoji le tásca a thabhairt ar an gcaoi ar bhraith siad ag deireadh ceachta nó sraith ceachtanna, agus an fáth a fhiafraí díobh.
- Tabhair cuireadh do scoláirí cárta poist a scríobh nó taifeadadh béil a chruthú dóibh féin san am atá caite faoin méid ar mhian leo teagasc a fháil ina leith, agus ceann eile acu féin sa todhchaí faoin méid ar mian leo teagasc a fháil ina leith. Déan machnamh ar na bealaí chun na cártaí a thiomsú agus a chomhroinnt, agus caithfear a bheith cúramach go bhfaightear na moltaí gan ainm.
- Bain leas as duillíní isteach agus an rang á thosú (nótaí post-it nó mentimeter) le ceist a chur – ag machnamh duit ar cheacht an lae inné, ar bhain aon dúshlán leis duitse nó an bhfuil aon cheist le cur agat ar mhaith leat freagra a fháil ina leith?

Bíonn an ceart ag daoine óga chun a dtuairimí a chur in iúl agus éisteacht a fháil agus aird a fháil ó dhaoine fásta ar cheisteanna a théann i gcion orthu.

**Airteagal 12 de Choinbhinsiún na Náisiún
Aontaithe um Chearta an Linbh**

Student Voice in SPHE/RSE

- Bain leas as duillíní amach ag deireadh an ranga – is féidir le scoláirí smaoineamh “imeachta” a bhreacadh síos nó aon cheist a ritheann leo tar éis ceacht an lae. D’fhéadfá roinnt léargas a fháil ó na duillíní amach chun cuidiú leat an chéad cheacht eile a phleanáil.
- Bain leas as FIF sula dtugann tú ábhar nua isteach agus arís nuair a thagann an ceacht chun deiridh. Iarr ar scoláirí trí cholún a chruthú agus lipéad a chur le gach colún mar a thaispeántar thíos. Chun tosú air, breacann scoláirí síos a bhfuil ar eolas acu cheana féin. Breacann siad síos na nithe ansin is ionadh leo nó ar mhaith leo eolas a fháil orthu i ndáil leis an ábhar. Ag deireadh an cheachta/na gceachtanna, déanann scoláirí taifeadadh (le focail, íomhánna, srl.) ar na nithe a d’fhoghlaim siad.

Fios	Ionadh	Foghlaim



Is fiú machnamh a dhéanamh ar an nasc idir guth an scoláire agus timpeallacht seomra ranga shábháilte. Tabhair cuireadh don scoláire machnamh a dhéanamh ar na nithe éagsúla lenar féidir leis a ghuth a chur in iúl, agus ar na nithe a chuireann cosc air óna thuairimí, smaointe agus mothúcháin a chur in iúl sa seomra ranga? Is féidir iad sin a thiomsú gan ainmneacha leo agus is féidir leis na scoláirí réitigh a mholadh agus iad ag obair ina mbeirteanna nó ina meithleacha beaga.

Acmhainní úsáideacha eile

Is éard atá i gceist leis an gcur chuige **Curaclam Comhtháite Idirbheartaithe** (CCI) ná múinteoirí ag idirbheartaíocht agus ag cur i bhfeidhm an churaclaim lena scoláirí timpeall ar ábhair inmí agus ceisteanna scoláirí. Tugtar achoimre **anseo** ar na deich gcéim a bhaineann leis an gcur chuige sin.

Is acmhainn í **Our Voices Our Schools** do scoileanna chun tacú leis an éisteacht agus rannpháirtíocht daoine óga sa chinnteoireacht faoi chúrsaí a théann i gcion orthu ar scoil.

Le haghaidh tuilleadh moltaí praiticiúla faoin gcaoi chun guth daoine óga a chumasú i do sheomra ranga, cliceáil **anseo**

Le plleanáil rannóige don duine aonair nó don ábhar a mhúnlú, déan machnamh ar an gceardlann seo a leanas a úsáid, **What matters for Young People’s Wellbeing?** Is leis an gceardlann seo a fheictear an méid a chreideann daoine óga go mbaineann tábhacht leis agus is féidir é sin a bheith ina thúsphointe áisiúil do bheartú tosaíochta na foghlama in OSPS.

Ceadaigh an réasúnaíocht don chomhairliúchán agus don obair i gcomhpháirt le daoine óga ina n-oideachas **anseo**. Déan cíoradh ar na smaointe éagsúla trí mheán an teagaisc agus na foghlama in OSPS.

Déan machnamh ar do chleachtas reatha Guth an Scoláire sa ranga OSPS agus déan cíoradh i d’aonar nó le comhghleacaí ar an bhfáth agus ar an gcaoi ar féidir leat é sin a fhorbairt trí leas a bhaint as uirlis iniúcháireachta **Teacher Personal Readiness**.

Topaicí ábhartha eile:

- Cad is seomra ranga OSPS sábháilte ann?
- Ag tacú le machnamh an scoláire in OSPS
- Cuir chuige chruthaitheacha i leith measúnú
- Cuir chuige oideolaíochta éifeachtacha